Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10588/26**
**ADD 1**

**CLIMA 332**
**ENV 740**
**TRANS 423**
**MI 642**
**CODEC 1190**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3922 final - annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí a bhfuil faireachán, tuairisciú agus foilsiú le déanamh orthu |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad  C(2026) 3922 final - annex - annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 3922 final - annex - annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
C(2026) 3922 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí a bhfuil faireachán, tuairisciú agus foilsiú le déanamh orthu**

# IARSCRÍBHINN I

1. Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(1) Leasaítear Cuid A mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) ainm an mhonaróra dá sanntar an fheithicil tromshaothair i gcomhréir le hAirteagal 7a, pointe (a), (b) nó (c);';

(b) cuirtear pointí (t) agus (u) seo a leanas isteach:

'(t) maidir le feithiclí de chatagóir M, ainm an mhonaróra feithicle iomláine nó lánchríochnaithe a bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe dá bhforáiltear sa cholún "Monaróir feithiclí" den chéad tábla i gCuid B d'Iarscríbhinn IV maidir leo;

(u) maidir le feithiclí de chatagóir M, cód an aitheantóra monaróra dhomhanda (WMI) ina bhfuil trí charachtar, i gcomhréir le hIarscríbhinn II, Cuid 2, Roinn A, pointe 2.2., a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535[(*)] ón gCoimisiún, de chuid an mhonaróra feithicle iomláine nó lánchríochnaithe dá dtagraítear i bpointe (t). I gcás inar "9" an tríú carachtar den chód WMI, sa bhreis air sin an tríú, an ceathrú agus an cúigiú carachtar sa chuid táscaire feithicle, a shanntar chun an monaróir sin a shainaithint i gcomhréir le hIarscríbhinn II, Cuid 2, Roinn A, pointe 2.2.3., a ghabhann leis an Rialachán sin.

[(*)] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht (IO L 117, 6.4.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/535/oj).'.

(2) Leasaítear Cuid B mar a leanas:

(a) leasaítear an chéad tábla mar a leanas:

(i) sna réimsí uile lena mbaineann, cuirtear '([9])' in ionad '([*])';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhonóta dheireanaigh:

'[(9)] Mar a shonraítear sa tábla dar teideal "Faisnéis bhreise".';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara tábla:

'

| Faisnéis bhreise | | | |
|---|---|---|---|
| Uimh. | Paraiméadar faireacháin | Foinse[(1)] | Catagóirí feithiclí a bhfuil feidhm ag an bparaiméadar faireacháin maidir leo[(2)] |
| 15 | Déantús (trádainm an mhonaróra) | | Gach ceann |
| 24 | Ainm agus seoladh an mhonaróra tras-seolta[(3)] | Pointe 0.4 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | le Rialachán (AE) 2017/2400 | |
| 25 | Déantús (trádainm an mhonaróra tras-seolta)(3) | Pointe 0.1 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 32 | Ainm agus seoladh an mhonaróra acastóra(3) | Pointe 0.4 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 33 | Déantús (trádainm an mhonaróra acastóra)(3) | Pointe 0.1 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 39 | Ainm agus seoladh an mhonaróra bonn | Pointe 1 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 40 | Déantús (trádainm an mhonaróra bonn) | Pointe 3 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 72 | Uimhir an cheadúnais chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú | | Gach ceann |
| 75 | Astaíocht maise $CO_2$ an innill le linn WHTC (4) (g/kWh) | Pointe 1.4.2 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 5, nó pointe 1.4.2 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 7, a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011(5) ón gCoimisiún, cibé acu is infheidhme | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |
| 76 | Ídiú breosla an innill le linn WHTC (g/kWh)(6) | Pointe 1.4.2 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 5, nó pointe 1.4.2 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 7, | Catagóir N;<br>Catagóir M: an |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, cibé acu is infheidhme | phríomhfheithicil amháin; |
| 77 | Astaíocht maise $CO_2$ an innill le linn WHSC (7) (g/kWh) | Pointe 1.4.1 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 5, nó pointe 1.4.1 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 7, a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, cibé acu is infheidhme | Catagóir N;<br><br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |
| 78 | Ídiú breosla an innill le linn WHSC (g/kWh)(6) | Pointe 1.4.1 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 5, nó pointe 1.4.1 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 7, a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, cibé acu is infheidhme | Catagóir N;<br><br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |
| 101 | Maidir le feithiclí tromshaothair a bhfuil dáta ionsamhlúcháin acu ón 1 Iúil 2020, uimhir chineálcheadaithe an innill | Pointe 1.2.1 den aguisín a ghabhann le Foscríbhinn 5, 6 nó 7 a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, cibé acu is infheidhme | Catagóir N;<br><br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |
| 102 | Maidir le feithiclí tromshaothair a bhfuil dáta ionsamhlúcháin acu ón 1 Iúil 2021, an comhad luachanna camógdheighilte a bhfuil an t-ainm céanna air agus atá ar an gcomhad poist agus ar a bhfuil iarmhír .vsum arb é atá ann na torthaí comhiomlánaithe in aghaidh na próifíle misin ionsamhlaithe agus choinníoll an phálasta | Comhad arna ghiniúint ag an uirlis ionsamhlúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/2400 ina leagan de chomhéadan grafach úsáideora (GUI) | Gach ceann |
| 103 | Ainm agus seoladh an mhonaróra innill dócháin inmheánaigh | Pointe 0.5 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br><br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |
| 104 | Déantús (trádainm an mhonaróra innill dócháin inmheánaigh) | Pointe 0.1 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 | Catagóir N;<br><br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | a ghabhann le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | |
| 105 | Ainm agus seoladh an mhonaróra córais meaisín leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta feithicle leictrí hibridí de chineál 1[(3)] | Pointe 0.5 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn Xb a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 106 | Déantús (trádainm an mhonaróra córais meaisín leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta feithicle leictrí hibridí de chineál 1)[(3)] | Pointe 0.1 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn Xb a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 107 | Ainm agus seoladh an mhonaróra breosla-cheall[(3)] | Pointe 0.5 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn Xb a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |
| 108 | Déantús (trádainm an mhonaróra breosla-cheall)[(3)] | Pointe 0.1 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn Xb a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin; |
| 109 | Ainm agus seoladh an mhonaróra córais stórála fuinnimh leictrigh[(3)] | Pointe 0.5 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn Xb a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 110 | Déantús (trádainm an mhonaróra córais stórála fuinnimh leictrigh)[(3)] | Pointe 0.1 den tsamhail de dheimhniú comhpháirte, d'aonad teicniúil ar leithligh nó de chóras d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn Xb a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 | Catagóir N;<br>Catagóir M: an phríomhfheithicil amháin;<br>Catagóir O; |
| 111 | An bhfuil inneall dócháin inmheánaigh ann chun an t-aonad cuisniúcháin a chumhachtú? (tá/níl) | | Catagóir O; |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 112 | Comhéifeacht K (W/m²-K) | Pointe 7.2.4 den tsamhail de dheimhniú comhlíontachta an trealaimh leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí meatacha agus maidir leis an trealamh speisialta atá le húsáid i ndáil leis an iompar sin (ATP)[8], a shonraítear in Iarscríbhinn 1, Foscríbhinn 3, a ghabhann leis an gComhaontú | Catagóir O[9]; |
| 113 | An bhfuil urlár beo gníomhraithe ann? (tá/níl) | | Catagóir O; |
| 114 | Leantóir ar mó ná 3.5 airde inmheánach na cabhlach aige, mar a shainmhínítear i bpointe 1(4) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 (tá/níl) | | Catagóir O; |
| 115 | An bhfuil an dara hurlár ann a chlúdaíonn níos mó ná 50 % d'fhad inmheánach chabhail an leantóra, mar a shainmhínítear i bpointe 1(5) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362? (tá/níl) | | Catagóir O; |
| 116 | Deimhniú iompair traschórais ar bóthar agus ar iarnród de réir Bhileog UIC 596-5[10] nó Bhileog UIC 597[11] (tá/níl) | | Catagóir O; |
| 117 | Deimhniú iompair traschórais ar bóthar agus ar bhád farantóireachta de réir MSC.479(102)[12] (tá/níl) | | Catagóir O; |
| 118 | Uimhir an deimhnithe ADR ar cheadú le haghaidh leantóirí EX/III | Pointe 1 den tsamhail le haghaidh deimhniú ar cheadú d'fheithiclí a iompraíonn earraí contúirteacha áirithe a shonraítear i gCuid 9, Caibidil 9.1, pointe 9.1.3.5 den Chomhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR)[13] | Catagóir O[14]; |
| 119 | Faisnéis maidir le teicneolaíochtaí feithicle sonracha nach gcumhdaítear le haon ceann de na paraiméadair faireacháin thuas (roghnach) | | Gach ceann[15] |

[1] I gcás ina n-úsáidtear luachanna caighdeánacha le haghaidh comhpháirte, aonad teicniúil faoi leith nó córais dá dtagraíonn paraiméadar faireacháin chun na hastaíochtaí $CO_2$ a chinneadh faoi Rialachán (AE) 2017/2400 nó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 in ionad luachanna deimhnithe, déanfaidh tuairisceoirí tagairt dá ndoiciméadacht inmheánach mar fhoinse an pharaiméadair faireacháin chomhfhreagraigh. I gcás nach sonraítear foinse paraiméadair faireacháin go sainráite, déanfaidh tuairisceoirí tagairt dá ndoiciméadacht inmheánach freisin.

[2] I gcás nach bhfuil comhpháirt, aonad teicniúil ar leithligh nó córas, nó saintréith theicniúil dá dtagraíonn paraiméadar faireacháin, ag feithicil tromshaothair, ní thuairisceofar an paraiméadar faireacháin comhfhreagrach le haghaidh na feithicle atá i gceist.

[3] I gcás ina bhfuil comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh nó córais iomadúla den chineál céanna i bhfeithicil tromshaothair arna dtáirgeadh ag monaróirí éagsúla, tuairisceofar an paraiméadar faireacháin le haghaidh gach monaróra.

[4] Timthriall Díomuan Comhchuibhithe Domhanda.

[5] Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 167, 25.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/582/oj).

[6] I gcás feithiclí tromshaothair débhreosla, tuairisceofar an paraiméadar faireacháin sin ar leithligh le haghaidh gach breosla a dhearbhaítear le linn an $CO_2$ a chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400.

[7] Timthriall Foistine Comhchuibhithe Domhanda.

[8] An Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí meatacha agus maidir leis an trealamh speisialta atá le húsáid i ndáil leis an iompar sin (ATP), arna dhéanamh sa Ghinéiv an 1 Meán Fómhair 1970 agus a tháinig i bhfeidhm an 21 Samhain 1976, arna leasú.

[9] Ní thuairisceofar an paraiméadar sin ach amháin le haghaidh leantóirí ag a bhfuil deimhniú comhlíontachta ATP.

[10] Bileog UIC 596-5 Semi-trailers for grab handling [Leathleantóirí le haghaidh láimhseáil alpairí].

[11] Bileog UIC 597 Semi-trailers on bogies [Leathleantóirí ar bhógaithe].

[12] Rún IMO MSC.479(102) (arna ghlacadh an 11 Samhain 2020), Revised Guidelines for Securing Arrangements for the Transport of Road Vehicles on Ro-Ro Ships [Treoirlínte Athbhreithnithe maidir leis na Socruithe um Dhaingniú le haghaidh Iompar Feithiclí Bóthair ar Longa RóRó].

[13] An Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), arna dhéanamh sa Ghinéiv an 30 Meán Fómhair 1957 agus a tháinig i bhfeidhm an 29 Eanáir 1968, arna leasú.

[14] Ní thuairisceofar an paraiméadar sin ach amháin le haghaidh leantóirí EX/III ag a bhfuil deimhniú ADR ar cheadú.

[15] Féadfar an paraiméadar sin a thuairisciú ar bhonn roghnach le haghaidh feithiclí ag a bhfuil teicneolaíochtaí feithicle sonracha nach gcumhdaítear le haon pharaiméadar faireacháin eile chun gur féidir iad a shainaithint’;

2. Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 2.1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) cód nó cóid WMI a shanntar don mhonaróir, agus, i gcás gach cóid WMI inar “9” an tríú carachtar, an tríú, an ceathrú agus an cúigiú carachtar sa chuid táscaire feithicle a shanntar chun an monaróir a shainaithint’;

(b) cuirtear pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) catagóir feithicle na bhfeithiclí a bhfuil oibleagáid tuairiscithe ar an monaróir ina leith i gcomhréir le hAirteagal 13b.’;

(2) cuirtear pointí 2.3 agus 2.4 seo a leanas isteach:

‘2.3. Seirbhísí teicniúla ainmnithe atá freagrach as astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$ de bhun Airteagal 8(6) agus (7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362, déanfaidh siad an fháisnéis seo a leanas a thuairisciú don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil gan mhoill:

(a) ainm na seirbhíse teicniúla;

(b) an Ballstát a d’ainmnigh an tseirbhís theicniúil;

(c) an pointe teagmhála atá freagrach as na sonraí a uaslódáil chuig an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil;

(d) ainmneacha na monaróirí a chuir an fhreagracht ar an tseirbhís theicniúil as ionsamhlú agus tuairisciú sonraí maidir lena gcuid feithiclí;

(e) cód nó cóid WMI a shanntar do na monaróirí a chuir an fhreagracht ar an tseirbhís theicniúil as ionsamhlú agus tuairisciú sonraí maidir lena gcuid feithiclí, agus, i gcás gach cóid WMI inar "9" an tríú carachtar, an tríú, an ceathrú agus an cúigiú carachtar sa chuid táscaire feithicle a shanntar chun an monaróir lena mbaineann a shainaithint.

Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, gan mhoill, faoi aon athrú ar an bhfaisnéis sin.

Cuirfear na fógraí chuig na seoltaí dá dtagraítear i bpointe 1.1.

2.4. De mhaolú ar phointe 2.2, i gcás feithiclí tromshaothair de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$, ar sannadh an fhreagracht as astaíochtaí $CO_2$ a chinneadh ina leith do sheirbhís theicniúil ainmnithe de bhun Airteagal 8(6) agus (7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362, déanfaidh pointe teagmhála na seirbhíse teicniúla na sonraí a shonraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 13b chuig an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil trí bhíthin aistriú sonraí leictreonacha.

Tabharfaidh an pointe teagmhála fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil le ríomhphost chuig na seoltaí dá dtagraítear i bpointe 1.1 nuair a bheidh na sonraí tarchurtha.';

(3) i bpointe 3.2, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'3.2.16. comhad faisnéise na feithicle (VIF);

3.2.17. ainm agus seoladh an mhonaróra innill dócháin inmheánaigh;

3.2.18. déantús (trádainm an mhonaróra innill dócháin inmheánaigh);

3.2.19. ainm agus seoladh an mhonaróra córais meaisín leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta feithicle leictrí hibridí de chineál 1;

3.2.20. déantús (trádainm an mhonaróra córais meaisín leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta leictrigh/comhpháirte comhtháite gléasra cumhachta feithicle leictrí hibridí de chineál 1);

3.2.21. ainm agus seoladh an mhonaróra breosla-cheall;

3.2.22. déantús (trádainm an mhonaróra breosla-cheall);

3.2.23. ainm agus seoladh an mhonaróra córais stórála fuinnimh leictrigh;

3.2.24. déantús (trádainm an mhonaróra córais stórála fuinnimh leictrigh);

3.2.25. Comhéifeacht K ($W/m^2$-K);

3.2.26 uimhir an deimhnithe ADR ar cheadú le haghaidh leantóirí EX/III.'.

# IARSCRÍBHINN II

1. Ceartaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

i gCuid C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Chun an luach CdxA i gcomhad taifead an mhonaróra a chur ar fáil go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 13c, bainfidh an Coimisiún úsáid as na raonta a shainmhínítear sa tábla seo a leanas ina bhfuil an raon comhfhreagrach le gach luach CdxA:'.

2. Ceartaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 mar a leanas:

(a) i bpointe 1.1., cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Tabharfaidh an pointe teagmhála fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil le ríomhphost chuig na seoltaí seo a leanas nuair a bheidh na sonraí tarchurtha:

EC-CO2-HDV-IMPLEMENTATION@ec.europa.eu

agus

HDV-monitoring@eea.europa.eu';

(b) ceartaítear pointe 2.1. mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'2.1. Déanfaidh monaróirí, an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil gan mhoill:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, gan mhoill, faoi aon athrú ar an bhfaisnéis sin.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2.:

'2.2. Déanfaidh pointe teagmhála an mhonaróra na sonraí a shonraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 13b trí bhíthin aistriú sonraí leictreonacha chuig an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

Tabharfaidh an pointe teagmhála fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil le ríomhphost chuig na seoltaí dá dtagraítear i bpointe 1.1 nuair a bheidh na sonraí tarchurtha.'.